

# 20 RUD SA BHREIS

## FAOI DOMHAN NA DTEANGACHA

Is iad **GEARMÁINIS** agus **LUCSAMBUIRGIS** na teangacha amháin a úsáideann ceannlitir mar ainmfhocal, ach úsáideadh an patrún seo i dteangacha gearmánacha chomh maith, mar shampla as Danmhairgis, Sualainnis agus Béarla.



Níor bhunaíodh an **IODÁILIS** mar phríomhtheanga na hIodáile ach sa bhliain 2007! Tagann sé ón gcainúint Florentín, agus tá canúint nó a dteanga féin ag an chuid is mó de na réigiúin éagsúla san Iodáil (timpeall 30).

### OIDEACHAS TEANGA GO LUATH SA SAOL


Is féidir le leanaí nach bhfuil ach uair an chloig d'aois idirdhealú a dhéanamh idir fhuaimneanna óna gcuid teanga dúchais agus teanga iasachta. Léiríonn staidéar ó 2013 go dtosaíonn leanaí teanga a fhoghlaim óna máthair agus iad fós sa bhroinn, níos luaithe ná a shíleadh roimhe seo.



### COMARTHA CEISTE SPESIALTA

Sa Spáinnis, gabhann dhá chomhartha ceiste le habairt cheisteach: ceann ag deireadh na habairte agus ceann eile bun ós cionn ag tús na habairte, m.s. "¿Cómo estás?". Sa teanga Ghréigis, imríonn leathstad (;) ról na comhartha ceiste.

### CÉN TEANGA ATÁ I GCEIST?



Is seanlámhscríbhinn ón 15ú aois í lámhscríbhinn an Voynich, scríofa i dteanga nach féidir le duine ar bith a aithint nó a léamh. Ar an drochuair, ní féidir linn achoimre a chur ar fáil!



I nGuugu Yimithirr na hAstráile, níl focail ar bith ar chlé nó deas. Úsáidtear treoracha cardínéalta ina ionad sin, m.s. déarfáidís: "Tá seangán ar do chos thoir theas".

Cén fáth a mbíonn teangacha éagsúla scríofa i dtreoracha difriúla? Is é an teoiric is coitianta ná go mbraitheann sé ar na bunábhair a úsáidáítear agus a bítear ag scríobh. Agus tú ag scríobh le dúigh, is fearr é a dhéanamh ón taobh ceart ionas nach tarraingeodh scríbhneoirí a lámh dheas tríd an dúch.

Sa **SUALAINNIS**, ciallaíonn an focal "gift" a bheith pósta chomh maith le 'nimh'.



Sa **MHACADÓINIS**, is féidir go gciallaíonn "lele" "ó mo dhia" nó "ó mo dhiabhal" agus is féidir leat "lele" a chur leis an bhfocal chomh minic agus is mian leat. Mar sin is féidir leat a rá: "Lele lele lele lele – féach ar an madra sin!".



Is áiteanna iontacha iad na cathracha Eorpacha chun breathnú ar éagsúlacht ilteangach: I Londain, mar shampla, labhraítear níos mó ná 300 teanga!

Fíric an-aisteach faoin nGaeilge: Níl focal ar **BITH** ar a thosaíonn le B agus a chríochnaíonn le H!

Baineann Ungáiris agus Fionlainnis le chéile mar dhá theanga neamh-Ind-Eorpacha. Ar ndóigh, scar said óna gcéile 6,000 bliain ó shin ach meastar gur deartháireacha sa ghrúpa teangacha Fionn-Úgrais iad.



### CATHAIN NACH MBÍONN IALTÓG INA HIALTÓG?

Sa Spáinnis, má tá gach ceann de na cúig ghuta na teanga i bhfocal amháin, tugtar air an t-ainm "murciélago", a chiallaíonn "ialtóg".

Ba í an **FHRAINICIS** teanga oifigiúil na Sasana le breis agus 300 bliain (idir bua na Normannach ag Cath Hastings (1066) agus deireadh an 14ú haoise).



Is teanga Cheilteach í **MANAINNIS** atá an-chosúil leis an nGaeilge agus Gaeilge na hAlban. Labhraítear amháin ar Oileán Mhanann í.



### AN CHÉAD TEANGA CHLÓITE

Ba í Gearmáinis an chéad teanga a cuireadh i gcló. Ba é clóphreas Johannes Gutenberg, a forbaíodh timpeall 1440, a bhí ina chat-laíoch i dtaca le cúrsaí litearthachta agus oideachais daoine na hEorpa.



Níl ach dhá bhealach chun "tae" a rá ar fud an domhain, agus níl ach cúpla eisceacht. Tá ceann acu cosúil leis an téarma Béarla ("té" i Spáinnis, "tee" in Afracáinis,...). Tá an ceann eile cosúil le "cha" ("chay" i Hiondúis, "chá" i bPortaingéilis). Tagann an dá leagan ón tSín, ach leath na focail go bhfuil fuaim cosúil le "cha" acu ar fud talún Bhóthar na tSíoda, agus leath an focal "tae" thar sáile le trádálaithe na hOllainne.

### NA TEANGACHA OIFIGIÚLA IS COITIANTA I DTÍORTHA AN DOMHAIN

Béarla	(60 tíortha)
Fraincis	(29)
Araibis	(23)
Spáinnis	(20)
Portaingéilis	(10)
Gearmáinis	(6)

Tá dhá bhealach oifigiúil den Ioruais scríofa: **bokmål** (an teanga atá scríofa i leabhair) agus **nynorsk** (Ioruais nua).

Is é

**HIPPOPOTOMONSTRO-SESQUIPEDALIOPHOBIA**  
faitíos roimh fhocail fhada.

